AN FÉIDIR LIOM MO THUAIRIM AR NA MOLTAÍ A THABHAIRT?

Is féidir. Is tábhachtach linn do chuid tuairimí. Má tá tuairimí agat ar na moltaí:

- Scríobh isteach sa spás thíos iad agus cuir isteach sa bhosca tuairimí iad le do thoil ag áit a bhfuil an scéim ar taispeáint.
- Scríobh le do thoil chuig: An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Bóithre agus Tráchta, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.
- R-phost: *seoroads@sdublincoco.ie*
- Cuimseofar tuairimí a gheofar roimh ***4.30pm, Dé hAoine, 15 Eanáir 2010***, sa tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus sa fhreagra.

CAD É A THARLÓIDH INA DHIAIDH SIN?

Is mór an chabhair iad do chuid tuairimí agus muid ag iarraidh na nithe a bhfuil tú buartha fúthu a thuiscint agus nithe a aimsiú nár smaoiníomar cheana orthu. Úsáidfimid an t-aiseolas sin chun cinntí níos fearr agus níos feasaí a dhéanamh.

Ullmhófar tuarascáil ina ndéanfar cur síos ar na ceisteanna agus ar na tuairimí a fuarthas le linn thréimhse an chomhairliúcháin phoiblí agus tabharfar freagraí orthu. Cuirfear gach aiseolas san áireamh, agus cinntí á ndéanamh, ach beidh na pleananna críochnaitheacha faoi réir ceanglas airgeadais, dlí, sábháilteachta agus teicniúla.

CAD É ATÁ LE RÁ AGAM!

Comhlánaigh an ceistneoir seo le do thoil agus inis dúinn cad é do thuairim faoi na moltaí.

Ainm _____

Seoladh _____

_____

_____

_____

Cad é mar a chuirfeá síos ort féin?

Cuir tic de réir mar is iomchuí le do thoil

- Cónaitheoir sa cheantar ☐
- Trádálaí / gnó ☐
- Gluaisteánaí ☐
- Úsáideoir bus ☐
- Rothaí ☐
- Coisí ☐

Má tá aon tuairimí le nochtadh agat féin ar an scéim atá molta, scríobh isteach iad sa spás atá curtha ar fáil thíos le do thoil:

_____

_____

_____

_____

_____

_____

QualityBusNetwork

BILEOG EOLAIS

Mórlána Bus

BEALACH GLAS MB – BÓTHAR AN tSEANBHÁBHÚIN

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

NDP National Development Plan
Transforming Ireland

dto Dublin Transportation Office

RÉAMHRÁ

Faoi láthair tá Oifig Tionscadail Ghréasán na Mórlánaí Bus, thar ceann Chomhairle Contae Átha Cliath Theas , ag lorg tuairimí ón bpobal ar mholtaí go gcuirfear Mórlána Bus nua (MB) ar Bhóthar an tSeanbhábhúin, Tamhlacht, Bhaile Átha Cliath 24.

CEN FÁTH A BHFUIL SIN Á DHÉANAMH?

Tá plódú tráchta ag cur crua ar Bhaile Átha Cliath agus ar chathracha móra eile agus baineann cuid de sin leis an úsáid mhór a bhaintear as ghluaisteáin phríobháideacha. Ar Bhealach Glas MB – Bóthar an tSeanbhábhúin tabharfar an tosaíocht is mó do bhusanna agus do rothaithe i rith an bhealaigh idir Bóthar Theach na Giúise agus an N81, agus giorrófar amanna na dturas bus go suntasach dá bharr sin.

CAD É ATÁ I GCEIST SA SCÉIM?

Beidh lánaí bus nua idir Bóthar Theach na Giúise agus an N81, agus uasghrádófar cosáin, trasrianta coisithe agus stadanna bus. Beidh an bóthar le leathnú agus beidh sé riachtanach roinnt crann a bhaint ar shiúl i rith an bhealaigh. I gcás cuid díobh cuirfear crainn leathfhásta ina n-áit ag Páirc Ghleann na Dothra agus i gcás na coda eile cuirfear crainn óga áit a raibh siad. Tá sonraí iomlána na scéime ar taispeáint i líníochtaí na scéime.

CAD É AN TORADH A BHEIDH LÉI?

- **BUSANNA:** giorrófar amanna na dturas agus feabhsófar iontaofacht na seirbhíse mar gheall ar an lánaí bus nua.
- **ROTHAITHE:** uasghrádófar an bonneagar rothaíochta chun go mbeidh leanúnachas ardchaighdeáin air.
- **COISITHE:** uasghrádófar trasrianta coisithe agus cosáin chun sábháilteacht coisithe a fheabhsú.

CÁ MBEIDH SEO AG TARLÚ?

Moltar an scéim seo do Bhóthar an tSeanbhábhúin, Tamhlacht, Bhaile Átha Cliath 24, mar a léirítear sa léarscáil thíos.

CAD É AN STÁID INA BHFUIL AN SCÉIM ANOIS?

Tá an scéim á pleanáil faoi láthair, dá bhrí sin níl cinneadh déanta go fóill faoi ar chóir dul ar aghaidh léi nó nár chóir.

AN FÉIDIR LIOM TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL?

Is féidir. Beidh líníochtaí den scéim ar fáil le hiniúchadh nó le ceannach ar luach, nach mó ná an costas is réasúnta chun cóip a dhéanamh, i rith gnáthuaireanta oibre ó Dé Céadaoin 11 Samhain 2009 go dtí Dé Céadaoin 23 Nollaig 2009 sna háiteanna seo a leanas:

- Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.
- Leabharlann Halla an Chontae, Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Is féidir an bhileog eolais seo, chomh maith leis na pleananna mionsonraithe, a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae Átha Cliath Theas *www.sdcc.ie* agus a íoschóipeáil.